

Cáin Ioncaim agus CBL

Bileog Oibre Cánach Ioncaim

2

Freagraí



Cás-Staidéar 1

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2023, thuill Shane an t-ioncam fostaíochta agus an t-ioncam cíosa seo thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €24,420
- Glanioncam cíosa Éireannach Sceideal D Cás V de €6,000

1. An gá do Shane clárú le haghaidh Cáin Ioncaim ag tosú ón mbliain 2023?
 - Is gá, toisc gur mó a ioncam glan neamh-ÍMAT ná €5,000.
2. Más gá, conas a d'fhéadfadh Shane clárú le haghaidh Cáin Ioncaim?
 - Féadfaidh Shane clárú le haghaidh Cáin Ioncaim ar líne trí úsáid a bhaint as seirbhís ríomh-chlárúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim ar moChúrsaí.
3. An gá do Shane Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) a chur isteach le haghaidh 2023? **Is gá** / Ní gá
4. Más gá, cén dáta a mbeadh ar Shane an Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) le haghaidh 2023 a chur isteach?
 - Is gá dó a Thuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) le haghaidh 2023 a chur isteach ar nó roimh an spriocdháta íoca agus tíolactha, an 31 Deireadh Fómhair 2024, nó thart ar choicís ina dhiaidh sin má tá sé ag íoc agus ag tíolacadh trí ROS.

Cás-Staidéar 2

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2023, bhí Aisha fostaithe ag a cuideachta ABC Ltd. agus thuill sí ioncam féinfhostaithe mar ghruagaire. Tá miondealú ar a hioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €45,240
- Ioncam glan Sceideal D Cás V de €4,500

1. An gá d'Aisha clárú le haghaidh Cáin Ioncaim ag tosú ón mbliain 2023? Is gá / **Ní gá**
2. An gá d'Aisha Réamhcháin a íoc le haghaidh 2024? Is gá / **Ní gá**

Cás-Staidéar 3

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2023, bhí Somto fostaithe ag Ireland Ltd. agus thuill sé ioncam féinfhostaithe mar chuntasóir gairmiúil. Tá briseadh síos dá ioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €15,965
- Ioncam comhlán cíosa Éireannach Sceideal D Cás V de €49,200

Chuir Somto a Thuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe isteach ar an 14 Nollaig 2024

1. An gá do Somto Tuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe (Foirm 11) a thíolacadh le haghaidh 2023? **Is gá** / Ní gá
2. Más gá, ar chuir Somto an Tuairisceán Cánach Ioncaim (Foirm 11) isteach le haghaidh 2023 ar nó roimh an spriocdháta íoca agus tíolactha? Chuir / **Níor chuir** (Níor thíolaic sé in am, mar ba chóir dó é a thíolacadh faoin 31 Deireadh Fómhair 2024)
3. Mura gcuirtear isteach é ar nó roimh an spriocdháta íoca agus tíolactha, an mbeidh formhuirear (táille sa bhreis) i bhfeidhm? **Beidh** / Ní bheidh
4. Má chuirtear formhuirear €786 i bhfeidhm ar dhliteanas cánach Somto €15,724, déan ríomh ar an méid cánach atá le híoc ag Somto, lena n-áirítear an formhuirear.
 - $€15,724 + €786 = €16,510$

Cás-Staidéar 4

Léigh an cás-staidéar seo thíos agus freagair na ceisteanna.

In 2023, bhí Aoife fostaithe ag XYZ Ltd. agus bhí ioncam ó chíos eachtrach aici. Tá briseadh síos ar a hioncam le feiceáil thíos:

- Ioncam fostaíochta Sceideal E de €42,150
- Glanioncam cíosa eachtracha Sceideal D Cás III de €14,650

Thíolaic Aoife a Tuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe (Foirm 11) agus rinne sí íocaíocht maidir lena dliteanas cánach amuigh ar an 2 Feabhra 2025.

1. An ndearna Aoife an íocaíocht as a dliteanas cánach gan íoc in am? Rinne / **Ní dhearna** (Ba chóir íocaíocht a bheith déanta faoin 31 Deireadh Fómhair 2024)
2. Sa chás nach ndearna Aoife an íocaíocht as a dliteanas cánach gan íoc in am, an mbeidh ús i bhfeidhm? **Beidh** / Ní bheidh
3. Má chuirtear ús €131 i bhfeidhm ar dhliteanas cánach Aoife €4,347, déan ríomh ar dhliteanas cánach iomlán Aoife, an t-ús san áireamh.
 - $€4,347 + €131 = €4,478$